

## Turas in Eitleán

I Mí an Mheithimh seo caite chuaigh na daltaí scoile ar thuras oideachais. Turas rúnda ab ea an chéad chuid do agus ní raibh aon tuairim acu cá rabhadar a' dul. Bhí gach rud socraithe ag an mháistreás, dár ndoigh, agus bhí a fhios ag na tuismitheoirí chomh maith cá raibh a dtial.

Chuadar i mbus go hAerfort na Sionainne agus nuair a shroicheadar an áit chonaiceadar na foirgnimh mhóra timpeall orthu. Chuir na buachaillí suim i bhfoirgneamh ana-árd. Dúirt an mháistreás leo gurb é sin an riar-thúr. Isteach leo ansan go dtí an bhfoirgneamh láir. Nuair a chonaiceadar an mháistreás a' dul go dtí an oifig fiosrúcháin agus a' caint le cailín ann bhí deireadh leis an rún.

"Tá a fhios agam-sa cá bhfuilimid a' dul," arsa Máirín agus sceitimíní áthais uirthi. "Beimid a' taisteal go Baile Atha Cliath in eitleán."

"Go hiontach, go hiontach," arsa Brian agus Máiréad in éineacht.

Nuair a tháinig sí thar n-ais dúirt an mháistreás leo go mbeidís ag taisteal go Baile Atha Cliath i scáirdeitleán. Bhí an t-eitleán a' teacht ó Bhoston agus bheadh sé a' túirlingt i gceann leath uair a' chloig.

An fhaid is a bhíodar a' fanacht chuaigh na leanaí in áirde ar an mbalcóin agus bhí radharc breá acu ar na rúidbhealaigh. Chonaiceadar scáirdeitleán a' teacht chun talún. Thúirling na paisnéirí agus chuadar isteach sa halla custaim.

Níorbh fhada go gcuadar an fógra go rabhadar a' fanacht leis.

"Tá eitilt 321 ó Bhoston a' túirlingt fé láthair agus beidh sé ag eitilt go Baile Atha Cliath ar 9.50 a.m."

Dhéanadar caol díreach ar an halla custaim, an áit 'na raibh an bealach amach go dtí an t-eitleán. Ní raibh aon deacracht acu a' dul tríd a' gcustam ach chonaiceadar daoine eile agus a gcuid málaí á gcuardach ag na hoifigh.

"Bhfeiceann tú an gadhar?" arsa Liam. "Ar thóir drugaí atá sé siúd. Gheobhadh sé a mboladh míle ó bhaile."

Sea! Níorbh fhada go rabhadar a' dreapadh dréimire an eitleáin agus isteach leo. Shuíodar síos dóibh féin agus chuireadar orthu crios sábhála. Bhí Seánín ag útamáil leis ar feadh cúpla nóimint agus sa deireadh chaith aeróstach cabhrú leis é a chur air.

"Féach anois!" arsa Breandán leis. "Cheapais go raibh an t-eolas ar fad agat agus ní fhéadfá an bheart a dhéanamh ar a' gcrios."

Thosnaigh aeróstach a' caint leo ach ní fhéadfaidís faic a choisint mar bhí fothrom mí-nádúra ag na hinnill. Ansan thosnaigh sí a'



gluaiseacht agus níorbh fhada go bhfacadar an talamh a' titim uathu. D'árdaigh an t-eitleán go hárd san aer agus b'iontach an radharc a bhí le feiscint thíos fúthu. Taréis tamaill, áfach, ní raibh le feiscint acu ach na scamaill.

I gceann fiche nóimint bhí an t-eitleán ag íslú agus thúirling sí in Aerfort Bhaile Atha Cliath. Taréis an lae a chaitheamh sa chathair thugadar aghaidh ar an aerfort arís um thráthnóna. Bhí an turas abhaile san eitleán i bhfad ní ba thaitneamhaí mar anois bhíodar a' dul i dtaithí an aer-thaistil.

"Bhfuil a fhios agat cad é an rud ná taitníonn liom-sa i dtaobh an aer-thaistil," arsa Liam le Seáinín.

"Cad é?" arsa Seáinín agus iontas air.

"Caithfimid aiste a scríobh mar gheall air don máistreás amárach," arsa Liam.

### Ceisteanna

1. Turas rúnda ab ea an chéad chuid do; Cad 'na thaobh, an dóigh leat?
2. Cad é an t-ainm a bhí ar an bhfoirgneamh árd?
3. Cé a bhíonn ag obair sa bhfoirgneamh so?
4. Cad chuige an oifig fiosrúcháin?
5. Thúirling na paisnéirí. Mínigh.
6. Conas a bhí a fhios acu go raibh sé in am dóibh bheith a' fágaint?
7. Scríobh 9.50 a.m. mar a deirimíd é.
8. Cad 'na thaobh go gcuardaítear málaí paisnéirí?
9. Cén saghas gadhair a bhí in aice leis a' mbealach amach?
10. Bhí aon rud amháin nár thaitin le Liam i dtaobh an turais. Cad é?

### Obair le Déanamh

a. Bhíodar a' béicigh in árd a gcinn is a ngutha.

Déan pé athrú is gá do:            **mise; tusa; ise; eisean; sinne.**

b. Mhothaíodar an talamh a' titim uathu.

Déan pé athrú is gá do:            **mé; sé; sí; sinn; sibh.**

## A' feitheamh ag stad an bhus lá fliuch

Bhí an scáth fearthainne os mo chionn ach is beag fothain a thug sé dom. Is amhlaidh a bhí braonta fuara báistí a' rith anuas agus a' dul isteach fé bhóna mo léine. Bhraitheas fuar ainnis. Cá raibh an diabhal bus? An ar stailc a bhí na tiománaithe arís? Cad é an mhoill a bhí air? An dtiocfadh sé go deo?

D'fhéachas im' thimpeall. Bhí drochaoibh ar gach éinne, de réir dealraimh. Bhí gárda 'na sheasamh i lár na sráide agus é a' stiúradh na tráchtta. Bhí an bháisteach a' stealladh anuas air, an t-ainniseoir. Bheadh trua an domhain agat dó.

"Tá bus chugainn anois," arsa bean amháin. "Ó a thiarcais, tá sé ag casadh ar dheis síos an tsráid eile," arsa an tarna bean.

Taobh thiar díom sa scuaine bhí bean bhocht agus í ualaithe go talamh le beartanna. Bhí an páipéar rua a' leá leis a' mbáistigh agus rudaí a' titim ar fud na háite uaithi. Go hobann bhris lámh an mhála a bhí á iompar aici agus scaipeadh úlla, oráistí agus rudaí eile ar fud na sráide. Istigh 'na lár bhí píosa breá feola.

"Is maith an rud é ná fuil aon mhadra ocrach timpeall," arsa mise liom féin agus mé a' cromadh síos agus a' piocadh suas rudaí di.

Ghabh sí buíochas ó chroí liom agus leis na daoine eile a chabhraigh lei. Bhí sí cráite ar feadh tamaill ach anois bhí sí ar a suaimhneas arís mar bhí a cuid beartanna slán sábhálta.

D'fhéachas síos a' bóthar arís. Ní raibh tásc ná tuairisc ar a' mbus mallaithe. Nach orm a bhí an t-éad le lucht na ngluaisteán a bhí a' dul suas agus síos an tsráid agus cuma an tsonais ar gach duine acu. Ba chuma leo an bháisteach, de réir dealraimh. N'fheadar an raibh aon trua acu dúinne a bhí 'nár seasamh ansan agus an bháisteach a' stealladh anuas orainn.

"Seo chugainn an bus," do bhéic garsún óg i gceann tamaill.

"Bhuell Más maith é is mithíd," arsa mise amach os árd.

"Amen, a Thiarna," arsa seanfhear taobh thiar díom.

Fé dheireadh, bhíos ar mo shlí abhaile. Ligeas osna asam. Bhíos a' cuimhneamh anois ar an mbéile te a bheadh réidh dom aige baile agus an tine bhreá a bheadh sa tinteán romham.



### Ceisteanna

1. Cár thárla an t-eachra so, an doigh leat?
2. Cad chuige scáth fearthainne?
3. Bhí moill ar a' mbus. Cad a cheap an fear?
4. Bhí an gárda \_\_\_\_\_.
5. Cár imigh an bus a chonaiceadar a' teacht?
6. Bhain tionóisc don mbean a bhí sa scuaine. Inis cad a thárla.
7. Cad a dhéanfadh an madra ocrach dá mbeadh sé ann?
8. Bhí éad ar an bhfear le lucht na ngluaisteán. Cad 'na thaobh?
9. Mínigh; fothain; ainniseoir; scuaine; stailc; tásc ná tuairisc; is mithid.
10. Bhí an fear a' cuimhneamh ar dhá rud agus é istigh sa bhus. Cad iad?


### Obair le Déanamh

Scríobh an leagan ceart díobh so:

- |                            |                            |
|----------------------------|----------------------------|
| a. cláí (an gáirdín)       | b. cluasa (an coinín).     |
| c. craiceann (an t-ainmhí) | d. ag oscailt (an geata).  |
| e. doras (an siopa).       | f. a' glanadh (an seomra). |
| g. in aice (an falla).     | h. a' scríobh (an aiste).  |
| i. nead (an eala).         | j. i mbarr (an tsláinte).  |
| k. le hais (an tine).      |                            |

### Suimiú Suimiúil

Cuir na huimhreacha 1 go dtí 9 isteach sna ciorcail seo sa tslí is gur féidir 20 d'fháil nuair a shuimíonn tú gach taobh:



## Spásthasteal

Bhí an chlann a' caint agus a' comhrá cois na tine aon oíche amháin. Spásthasteal a bhí mar abhar cainte acu.

"Cérbh é an chéad duine a chuaigh dtí'n ré?" arsa Tomás.

"B'é Neil Armstrong an chéad chuairteoir a bhuail an doras isteach go dtí Dónal na Gealaí, mar a thugann daoine áirithe air," arsa daid. "Bhí sé 'na chaptaein ar Apollo II, a seoladh go dtí an ré; Mí Iúil na bliana 1969. Bhí beirt eile 'na theannta chomh maith."

"Is mó duine atá curtha suas ó shin," arsa Áine.

"Is mó," arsa Mam, "ach ní slán a tháingadar ar fad abhaile."

"Ach nárbh iad na Rúisigh a chuir tús leis an spásthasteal, a dhaid," a dúirt Áine.

"B'iad, dar ndóigh," arsa daid. "Chuireadar san an chéad spuitnic timpeall a' domhain i Mí Deireadh Fomhair, sa bhliain 1957. Ach ní raibh fear ná francach, madra ná moncaí ar bord."

"Cad ab ainm don gcéad mhadra a thaisteal timpeall a' domhain?" arsa Áine ar ball.

"Laika ab ainm dó," arsa daid. "Agus b'é Yuri Gagarin an chéad spásaire a dhéan an turas céanna sa bhliain 1961. Na Rúisigh a chuir suas iad araon."

"Cad a thug ar dhaoine dul dtí'n ré pé scéal é?" arsa Tomás ansan.

"Ceist ana-dheacair is ea í sin," arsa daid. "Ní raibh mórán eolais ag na daoine féin ré ach an méid a fuair eadar os na pictiúirí a tógadh agus níor leor san. Bhí a fhios acu ceart go leor ná raibh éan ná ainmí 'na gcónaí ar an ré. Bhí a fhios acu chomh maith ná raibh uisce ná aer, beatha ná fás uirthi. Chonaiceadar na poill mhóra ar a héadan. Ach theastaigh uathu a dh'fháil amach cad é an saghas dromchla a bhí uirthi."

"An é sin an fáth go dtug na spásairí píosaí de chlocha agus gaineamh thar n-ais chun an domhain seo leo?" arsa Tomás go fiosrach.

"Sea go díreach," arsa daid.

"Ní fhéadfaidís stáisiún spáis a thógaint ar an ré go mbeadh eolas acu i dtaobh a dromchla i dtosach," arsa daid. "Agus dár ndóigh tá san déanta acu ó shin agus forbairt mhór taréis teacht ar an spásthasteal."

"An mbeidh daoine a' dul ar thurasanna dtí'n ré go luath," arsa Áine.

"N'fheadar a chroí," arsa a máthair. "Ach is dóigh liom féin go mbeadh turas mar sin ana-chontúrach."

"Ar mhaith leat-sa do laethanta saoire a chaitheamh ar an ré?" arsa Tomás le daid.



"Bheadh áit mar sin ró-dhaor ar fad domhsa! "arsa a athair a' magadh. "B'fhearr liom-sa go mór cúpla seachtain a chaitheamh i gCorca Dhuibhne.

"Conas a thárlaíonn gurb iad na Rúisigh agus na Meiriceánaigh is mó go bhfuil suim acu sa spásthaisteal." a dh'fhiafraigh Áine.

"B'iad san na tíortha saibhre," arsa daid agus bhí na heolaithe ba chliste ar domhan ag obair dóibh. N'fhéadfadh Éire spáslong a chur dtí'n ré mar ná fuil ár ndóthain airgid againn chuige.

"Agus dá mbeadh féin," a dúirt mam agus í a' gá irí, "ní raghainn-se ar cuairt go dtí Dónal na Gealaí. Tá mo dhóthain cáirde anso agam."

### Ceisteanna

1. Bhfuil a fhios agat an bheirt a bhí i dteannta Armstrong?
2. Cén bhliain a cuireadh an chéad spuitnic in áirde?
3. Ainmnigh (a) an chéad mhadra (b) an chéad spásaire a cuireadh in áirde?
5. Tugadh clocha agus gaineamh abhaile ón ré. Cad 'na thaobh?
6. Cad chuige an stáisiún spáis a tógadh?
7. Mínigh; eolaithe; forbairt; dromchla.
8. N'fhéadfadh Éire spáslong a chur in áirde. Cad 'na thaobh?
9. Conas a tháinig an téarma Dónal na Gealaí ar an saol an dóigh leat?
10. Cad 'na thaobh, an dóigh leat, ná téann spásairí chun na gréine?


### LÚBRA

Tá ocht modh taistil fé cheilt sa lúbra seo.

An féidir leat iad a aimsiú?

|   |   |   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| p | e | t | b | u | s | d | r |
| i | n | d | d | f | u | e | r |
| n | f | á | l | o | n | g | a |
| i | b | h | e | b | e | t | c |
| e | r | f | i | l | r | o | p |
| a | u | t | n | p | t | n | i |
| r | a | h | t | o | r | i | d |
| t | í | a | r | o | e | l | e |

## Traein a' Daingin



A' teacht abhaile ó Bhaile Atha Cliath ar a' dtraein, ó Chluiche Ceannais na hÉireann, a bhí Séamus agus daid. Bhíodar a' déanamh ar stáisiún Thrá Lí.

"Nach mór a' trua go gcaithfimid teacht amach as a' dtraein

anois," arsa Séamus. "Nár bhreá é an traein a bheith a' dul an tslí ar fad go dtí an nDaingean."

"Agus bhí uair amháin," arsa daid. "Tá iarracht á dhéanamh arís beagáinín den seana-bhóthar iarainn a dh'oscailt. Tá súil ag lucht a eagraithe traein a bheith a' rith arís ón mBáisín, i dTrá Lí, chomh fada le Cathair Uí Mhóráin."

Ní scar caint na hoíche úd le cuimhne Shéamuis. Chuir sé roimhe gach eolas d'fháil ar Thraein a' Daingin. Chabhraigh an múinteoir go mór ar scoil leis agus sa deireadh bhí tionscnamh breá curtha le chéile aige agus crochadh ar fhalla na scoile é.

"Is mór a' deifir idir thraein an lae inniu agus seana-thraein a' Daingin," arsa Séamus lena athair oíche amháin. "Bhfuil a fhios agat ná raibh an bóthar iarainn ó Thrá Lí go dtí an nDaingean ach trí troithe (truslóg amháin) ar leithead? Agus b'é an bóthar iarainn ba shia siar san Eoraip é."

"Tá mór-chuid foghlamtha agat 'na thaobh," arsa a mháthair leis.

"Ó d'fhéadfainn a thuilleadh a dh'insint díbh 'na thaobh. Osclaíodh don gcéad uair é sa bhliain 1891 agus ba mhór an áis do mhuintir na leithinse ar fad é ag an am."

"Sea," arsa a athair. "Ní raibh cairt ná bus ar a' mbóthar ag an am. Bhí daoine ábalta taisteal go Trá Lí ó gach áit i gCorca Dhuibhne agus chuaigh leanaí ar scoil ar a' dtraein, fiú amháin."

"Conas san?" arsa Maedhbh.

"B'amhlaidh a chaitheadh gárda na traenach leanaí anuas don dtraein in aice an bhóthair. Bhíodh an traein a' dul ana-mhall, dar ndóigh," a dúirt an t-athair.

"Ná raibh cúpla tionóisc ag traein a' Daingin?" arsa mam oíche amháin.

"Bhí droch-thionóisc ann in 1893 nuair a maraíodh triúr d'fhoireann na traenach ag an gCom. Is amhlaidh a dh'imigh an traen des na ráillí agus thit sí isteach san abhainn, sin í an Fhionnghlas. Gortaíodh paisnéirí chomh maith agus maraíodh ana-chuid muc a bhí sa traein a' teacht ó aonach muc a' Daingin."

"Ná raibh tionóisc ag a' dtraein i Lios Póil?" a dh'fhiafraigh Maedhbh.

"Dh'imigh sí ó smacht agus í a' teacht go tharbhealach Lios Póil i 1907. Chonaic leanaí scoile an tionóisc áirithe seo mar bhí an scoil in Arda Mór ag an am. Deirtear gurb í an ghaoth a shéid an traein des na ráillí ag an mBánóg sa bhliain 1898. Fuair duine amháin bás de dheasca na timpiste úd," a dúirt Séamus, mar a déarfadh aon

tsaineolaí é.

"Ba bhrónach an lá do Chorca Dhuibhne é, an lá a dúnadh an bóthar iarainn," a dúirt mam agus í a' féachaint ar a' gclog.

"Ba bhrónach, mhúise," a dúirt daid. "Thárla so i 1953. On mbliain 1939 amach ní raibh an traein ag iompar aon phaisnéirí agus idir 1947 agus 1953 ní raibh ach traein amháin sa mhí a' rith. B'shin ar an Satharn deireannach don mí, lá an aonaigh sa Daingean."

"Tá a thuilleadh le hinsint," arsa Séamus.

"Cuirimís deireadh leis a' scéal don oíche anocht," a dúirt mam. "Tá go leor eolais againn a líonfadh leabhar."

"Tá cúpla leabhar scríofa i dtaobh traein a' Daingin," arsa daid, "ach níl aon cheann acu i nGaeilge."

"Sin obair do Shéamus," a dúirt Maedhbh agus í a' tabhairt an staighre uirthi féin.

### Ceisteanna

1. Cá raibh daid agus Séamus ar a' dtraein?
2. Cá mbeidh an bóthar iarainn nua atá á bheartú?
3. Conas a fuair Séamus an t-eolas ar fad ar thraein a' Daingin?
4. Cad é an saghas bóthar iarainn a bhí idir Thra Lí agus an Daingean?
5. Cathain a osclaíodh an bóthar iarainn áirithe seo?
6. Ainmnigh na stáisiúin ar fad a bhí ar a' mbóthar iarainn (i nGaeilge).
7. Cén bhliain a cuireadh deireadh le hiompar paisnéirí?
8. Ainmnigh na háiteanna 'na raibh tionóisc traenach.
9. Bhí bóthar iarainn ó Stáisiún a' Daingin go Ceann a' Ché. Cad chuige?
10. Idir 1947 agus 1953 cad é an príomh-chúram a bhí acu don dtraein?

**TIMETABLE - TRALEE & DINGLE**

|                       | September 1920 |      |         |      | May 1926  |      |         |      | January 1938                         |       |      |         |       |       | Jan. 1939 | Aug. 1939 |  |  |
|-----------------------|----------------|------|---------|------|-----------|------|---------|------|--------------------------------------|-------|------|---------|-------|-------|-----------|-----------|--|--|
|                       | read down      |      | read up |      | read down |      | read up |      | read down                            |       |      | read up |       |       |           |           |  |  |
|                       | a.m.           | p.m. | a.m.    | p.m. | a.m.      | p.m. | a.m.    | p.m. | a.m.                                 | a.m.  | p.m. | a.m.    | a.m.  | a.m.  | p.m.      |           |  |  |
| Tralee dep.           | 9.00           | 3.30 | 10.20   | 5.00 | 8.30      | 3.30 | 9.45    | 4.45 | 7.30                                 | 11.55 | 5.30 | 9.30    | 11.10 | 1.20  | 5.00      |           |  |  |
| Basin                 | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | (Basin Station not shown this issue) |       |      |         |       |       |           |           |  |  |
| Blennerville          | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | *     | *    | *       | *     | *     | *         |           |  |  |
| Curraheen             | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | *     | *    | *       | *     | *     | *         |           |  |  |
| Derrymore             | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | *     | *    | *       | *     | *     | *         |           |  |  |
| Castlegregory J. arr. | 9.40           | 4.10 | 9.42    | 4.20 | 9.05      | 4.05 | 9.09    | 4.10 | 8.10                                 | 12.35 | 6.10 | 8.50    | 10.30 | 12.39 | 4.20      |           |  |  |
| Castlegregory J. dep. | 10.00          | 4.25 | 9.30    | 4.00 | 9.25      | 4.15 | 9.00    | 4.00 | ..                                   | 12.45 | 6.20 | 8.46    | 10.26 | ..    | 4.10      |           |  |  |
| Deelis                | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | ..                                   | *     | *    | *       | *     | ..    | *         |           |  |  |
| Aughacastle           | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | ..                                   | *     | *    | *       | *     | ..    | *         |           |  |  |
| Castlegregory arr.    | 10.30          | 4.55 | 9.00    | 3.30 | 9.55      | 4.45 | 8.30    | 3.30 | ..                                   | 1.21  | 6.35 | 8.10    | 9.50  | ..    | 3.35      |           |  |  |
| Castlegregory J. dep. | 9.47           | 4.20 | 9.35    | 4.15 | 9.10      | 4.10 | 9.05    | 4.05 | 8.15                                 | ..    | 6.15 | ..      | ..    | 12.35 | 4.15      |           |  |  |
| Camp                  | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | 12.30 | 4.10      |           |  |  |
| Glounagalt Bge.       | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Glenmore              | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Emlough               | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Annascaul             | 10.45          | 5.15 | 8.42    | 3.15 | 10.05     | 5.05 | 8.15    | 3.20 | 9.20                                 | ..    | 7.20 | ..      | ..    | 11.35 | 3.20      |           |  |  |
| Ballinosare           | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Garrynadur            | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Lispole               | 11.10          | 5.40 | 8.08    | 2.46 | 10.30     | 5.30 | 7.48    | 2.45 | 9.45                                 | ..    | 7.45 | ..      | ..    | 11.08 | 2.45      |           |  |  |
| Ballinsteenig         | *              | *    | *       | *    | *         | *    | *       | *    | *                                    | ..    | *    | ..      | ..    | *     | *         |           |  |  |
| Dingle arr.           | 11.30          | 6.00 | 7.50    | 2.30 | 10.50     | 5.50 | 7.30    | 2.30 | 10.05                                | ..    | 8.05 | ..      | ..    | 10.50 | 2.30      |           |  |  |

Sat. Sat.  
excp. only

\* Stops when required.

Identical with Jan. 1938 except 8.10 a.m. Ex. Castlegregory not shown to call at Blennerville

Tables included but no train service shown